Is léiriú é rath na scéime seo ar conas is féidir seirbhísí an Bhoird um Réiteach Díobhálacha a úsáid chun leasa na sochaí trí phróisis chúitimh a shruthlíniú agus trí réiteach a thabhairt ar éilimh ar bhealach tráthúil, neamhspleách, neamhsáraíochta agus costéifeachtach.

Le scéim Cúitimh an Gharda Síochána, leagadh béim ar na tairbhí cruthaithe d'éilitheoirí trí rochtain thráthúil a thabhairt dóibh ar mheasúnú neamhspleách agus ar dhámhachtainí cúitimh cothroma. Ar leithligh, is féidir le comhlachtaí stáit fíorchoigilteas a bhaint amach ar chostais dlí ar mhaithe le cinnteacht próisis agus réiteach luath comhchosúil ar éilimh.

Conas a Oibríonn Sé?

Socróidh Coimisinéir an Gharda Síochána go ndéanfar measúnú tosaigh i dtaobh ar gortaíodh ball mar thoradh ar eachtra mhailíseach.

I gcás ina dtagann measúnú den sórt sin ar an gconclúid gur gortaíodh ball mar gheall ar theagmhas mailíseach, tá an ball sin i dteideal cúitimh agus socróidh Coimisinéir an Gharda Síochána go ndéanfar iarratas thar ceann an éilitheora chuig an mBord um Réiteach Díobhálacha. Ansin déanfaidh an Bord measúnú ar chandam ag féachaint do na Treoirínte maidir le Díobhálacha Pearsanta. Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát mar fhreagróir thar ceann Choimisinéir an Gharda Síochána. Beidh próiseas an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha ar siúl ar an ngnáthbhealach faoi Acht 2003 arna leasú, faoi réir mionathruithe áirithe.

Mar is amhlaidh le caingne sibhialta eile a ndéanann an Bord um Réiteach Díobhálacha measúnú ar chandam iontu faoi láthair, is sa chás amháin go ndíúltaíonn éilitheoir nó an freagróir don mheasúnú a rinne an Bord go dtabharfar údarú d'éilitheoir dul ar aghaidh chun na cúirte.

Éilimh ar Chúitimh an Gharda Síochána 2024

Fuaireamar 519 éileamh ar Chúiteamh an Gharda Síochána in 2024. Cé nárbh ionann iad seo agus céatadán beag (1%) dár n-éilimh fhoriomlána a fuarthas, chuaigh an t-am réitigh laghdaithe chun sochair na ngardaí gortaithe, agus táthar ag súil go ligfidh siad dóibh dul ar aghaidh gan strus breise na dlíthíochta sáraíochta.

Don Stát tá costas i bhfad níos lú i dtéarmaí costais dlí.

Cás-Staidéir



Cás-Staidéar 1

1. Baineann an cas seo le ball den Gharda Síochána a bhain gortuithe don ghéag íochtair le linn a ndualgas in 2020. Bhí idirghabháil leighis ag teastáil ó na gortuithe. Cuireadh éileamh díobhála pearsanta faoi bhráid an Bhoird in 2024, agus réitíodh an cheist laistigh de chúig mhí tar éis toiliú a fháil chun dul ar aghaidh leis an measúnú.



Cás-Staidéar 2

2. Baineann an cas seo le ball den Gharda a gortaíodh in 2021 agus iarracht á déanamh acu duine a bhfuil amhras faoi a ghabháil. Bhain an ball gortuithe don ghéag uachtarach a raibh máinliacht ag teastáil uathu agus bhí tréimhse as láthair oibre acu. Rinne an Bord measúnú ar an gcás laistigh d'ocht mí ó thoiliú a fháil chun a chuid seirbhísí a úsáid.



Iarratais faighte

519

Dátaí timpiste i leith iarratas a fuarthas

6

01/01/2000
- 31/12/2009

18

01/01/2010
- 31/12/2004

164

01/01/2015
- 31/12/2019

331

01/01/2020
- 31/12/2024



Amlíne le measúnú

6 mhí

Éilimh measúnaithe

185

Rátaí glactha

83%



Meándhámhachtain

€22,852



Cás-Staidéar 3

3. Baineann an cas seo le ball den Gharda a d'ionsaigh duine den phobal agus iad ar dualgas in 2022. D'fhulaing an ball gortuithe ortaipéideacha fíocháin bhoga agus coilim, rud a d'fhág go raibh gá le dul san ospidéal agus neamhláithreach fhadh ón obair. Chríochnaigh an Bord a mheasúnú laistigh d'ocht mí tar éis toiliú a fháil.

“Is léiriú é rath na scéime seo ar conas is féidir seirbhísí an Bhoird um Réiteach Díobhálacha a úsáid chun leasa na sochaí trí phróisis chúitimh a shruthlíniú agus trí réiteach a thabhairt ar éilimh ar bhealach tráthúil, neamhspleách, neamhsáraíochta agus costéifeachtach.”



Taighde agus Feasacht

Ní feidhmeanna comhlántacha amháin iad taighde agus feasacht; is colúin riachtanacha den tseirbhís phoiblí iad. In 2023, bhunaigh an Bord um Réiteach Díobhálacha feidhm taighde go foirmiúil, ag treisiú ár bhfreagracht as na sonraí a bhailímid ó níos mó ná 20,000 timpiste a úsáid in aghaidh na bliana chun freastal ar leas an phobail. Trí anailís a dhéanamh ar threochtaí i ngortuithe pearsanta ó imbhualtí tráchta bóthair go heachtraí san áit oibre agus i suíomhanna poiblí, is féidir linn eolas a chur ar fáil do bheartas atá bunaithe ar fhianaise, tacú le straitéisí chun tionóiscí a chosc, agus cur le pobail níos sábháilte. Tá sé chomh tábhachtach céanna feasacht a ardú ar ár ról agus ar ár seirbhísí. Tar éis ár n-athbhrandáil agus seoladh ár seirbhís idirghabhála, thugamar faoi fheachtas cuimsitheach feasachta poiblí in 2024. Trí fhor-rochtain spriocdhírthe il-ardáin, chinntigh muid gur thuig daoine aonair ar fud na hÉireann cé muid féin, cad a dhéanaimid, agus conas a chuirimid luach leis, ag neartú muiníne, trédhearcachta agus rannpháirtíocht leis an bpobal ar a bhfreastalaímid ar deireadh.

Poitéinseal ár Sonraí a Dhíghlasáil

Bailíonn an Bord um Réiteach Díobhálacha faisnéis agus sonraí ar bhreis is 20,000 timpiste gach bliain, lena n-áirítear timpistí bóthair, timpistí san áit oibre, timpistí i suíomhanna poiblí, agus gortuithe a bhain baill den Gharda Síochána le linn a ndualgas.


In 2023, leathnaíodh ár sainchúram chun feidhm taighde fhoirmiúil a chuimsiú. Ligeann an leathnú seo dúinn feabhas a chur ar an gcaoi a n-úsáidimid na sonraí a bhailímid ar ghortuithe pearsanta chun eolas a chur ar bheartas poiblí, chun cabhrú le timpistí a chosc, agus chun sláinte agus sábháilteacht a fheabhsú.

Cuireann ár dtuarascálacha rialta ar threochtaí i gcúiteamh díobhála pearsanta, trédhearcacht chun cinn sa timpeallacht éileamh níos leithne. Cuirimid léargas ar fáil freisin ar threochtaí earnáilsonracha i dtimpistí a shainaithníonn grúpaí atá i mbaol níos mó gortuithe a chothú agus aibhsíonn na cúiseanna agus minicíocht na dtimpistí is coitianta.

Is féidir timpistí a chosc, mar gheall ar a nádúr féin. Is eol dúinn go bhfuil taobh thiar de gach staitistic inár dtuarascálacha duine a bhfuil gortuithe faighte acu, go minic tromchúiseach agus saol athraithe. Trí fheidhm fhoirmiúil taighde a bhunú laistigh den Bhord um Réiteach Díobhálacha, is féidir linn ár sonraí a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar conas is féidir linn timpistí a chosc, grúpaí ardriosca a chosaint níos fearr, agus ar deireadh cabhrú le bóithre, ionaid oibre agus timpeallachtaí poiblí níos sábháilte a chruthú.

Tuarascálacha Luachanna Dámhachtana

Soláthraíonn an tSraith Tuarascála Luachanna Dámhachtana, a foilsíodh den chéad uair in 2021, léargas luachmhara ar threochtaí i measc éileamh díobhála pearsanta agus luachanna dámhachtana. Ón gcéad fhoilseachán, tá athruithe suntasacha eacnamaíocha, reachtacha agus comhshaoil tagtha ar an tírdhreach díobhála pearsanta. Mar thoradh air sin, tá an tSraith Luachanna Dámhachtana tagtha chun cinn chun freastal ar an ngá atá le sonraí níos fearr chun monatóireacht agus tuiscint a fháil ar na hathruithe seo.



Anailís ar an Tuarascáil ar Éilimh agus Dámhachtainí Dliteanais Fostóra 2019-2022

Soláthraíonn an tuarascáil seo anailís ceithre bliana ar níos mó ná 18,000 éileamh Dliteanas Fostóra (timpiste san áit oibre) agus 4,911 measúnú ar chúiteamh a rinne an Bord um Réiteach Díobhálacha do ghortuithe pearsanta san áit oibre idir 2019 agus 2022.

Scrúdaíonn an tuarascáil seo treochtaí i líon na n-éileamh ar ghortuithe pearsanta san áit oibre a cuireadh faoi bhráid an Bhoird um Réiteach Díobhálacha idir 2019 agus 2022. Soláthraíonn an anailís seo tuiscint níos fearr ar thionchar timpistí san áit oibre ar pháirtithe gortaithe, lena n-áirítear na gortuithe is minice a tharla, na láithreacha timpiste is coitianta, agus forbhreathnú ar na cúiseanna is coitianta le timpistí san áit oibre agus tugann sé forbhreathnú ar luach iomlán na measúnuithe cúitimh.

Tuarascáil ar Thimpistí Dliteanais Phoiblí 2019 – 2023

I mí Eanáir 2025, d'fhoilsigh an Bord um Réiteach Díobhálacha tuarascáil, i gcomhar le EY Economic Advisory, a scrúdaigh éilimh agus dámhachtainí Dliteanais Phoiblí agus a d'úsáid sonraí ó bhreis is 30,000 iarratas éilimh ar ghortuithe a bhain cuairteoirí chuig gnólahtáí agus spásanna poiblí idir 2019-2023. Thug an tuarascáil faoi deara laghdú 40% ar líon na n-éileamh sa tréimhse seo. Leagann an tuarascáil béim freisin ar threochtaí earnáilsonracha i dtimpistí agus éilimh, le fócas níos mionsonraithe ar réimsí sonracha ar nós cúram leanaí den chéad uair.

In 2024 d'eisigh muid an chéad tuarascáil in 'Ár Sraith Úsáideoirí Bóthair Leochaileach' a bhfuil sé mar aidhm aige luach sonraí éileamh díobhála pearsanta a uasmhéadú chun sábháilteacht na ndaoine is mó atá i mbaoil díobhála ar ár mbóithre a fheabhsú. Trí dhiriú ar na cineálacha sonracha úsáideoirí bóithre atá níos so-ghabhálaí i leith gortuithe tromchúiseacha agus a athraíonn an saol i dtimpistí tráchtála bóthair, tá sé mar aidhm ag an tsraith seo grúpaí ardriosca a aithint agus léargas rithábachtacha a sholáthar chun beartais éifeachtacha sábháilteachta ar bhóithre agus feachtais feasachta poiblí a fhorbairt. Eisíodh an chéad tuarascáil sa tsraith phleanáilte seo i mí na Nollag 2024 'Timpistí a bhaineann le Rothaithe agus Úsáideoirí Scútar Leictreach'.



“Is féidir timpistí chosc, mar gheall ar a nádúr féin. Is eol dúinn go bhfuil taobh thiar de gach staitistic inár dtuarascálacha duine a bhfuil gortuithe faighte acu, go minic tromchúiseach agus saol athraithe.”



Feasacht a Fheabhsú

I mí na Nollag 2023, chomh maith lenár seirbhís idirghabhála nua a sheoladh, rinneadh athbhrandáil ar an mBord um Réiteach Díobhálacha le hainm a léirigh ár seirbhísí feabhsaithe agus leathnaithe níos fearr. Ba thréimhse ríthábhachtach é seo don Bhord chun feasacht a mhéadú ar ár n-ainm nua agus ar ár seirbhís nua. Reáchtáil muid roinnt feachtas fógraíochta ilchainéil thar na 12 mhí ina dhiaidh sin agus é mar aidhm feasacht an phobail ar ár seirbhísí, ár gcuspóir, agus ár luach poiblí a mhéadú.

In 2024, bhain ár bhfeachtais fógraíochta rochtain shuntasach amach thar ardáin éagsúla, rud a léirigh éifeachtacht ár straitéis fógraíochta ilchainéil. Shroich ár bhfeachtais raidió tuairim is 3.3 milliún éisteoir, agus d'fhostaigh na meáin chlóite tuairim is 1.8 milliún léitheoir. Ar na meáin shóisialta, rinneamar breis agus 14 milliún imprisean, rud a léirigh rannpháirtíocht láidir agus infheictheacht. Mar thoradh ar fheachtais fuaime digiteacha chríochnaíodh 570,000 éisteacht, rud a léiríonn coinneáil ard éisteoirí. Ina theannta sin, ghin ár bhfógraí taispeána cláir beagnach 3.5 milliún imprisean, rud a mhéadaigh láithreachtaí ár mbranda tuilleadh. Leagann na méadrachtaí seo béim ar ár n-iarrachtaí rathúla maidir le nascadh le lucht féachana éagsúil agus torthaí a bhfuil tionchar acu a thiomáint.

Méadracht Fógraíochta d'Fheachtais 2024

Raidió

3.3 milliún i raon measta

Téacs

1.8 milliún i raon measta

Na Meáin Shóisialta - Thar

14 milliún taispeáint

Fuaime Digiteach

570,000 éisteacht chríochnaithe

Taispeántas Cláir – beagnach

3.5 milliún taispeáint

Comhhdáil 2024

Bhí ár gcomhhdáil *Fiche Bliain ar Aghaidh – An Timpeallacht um Dhíobhálacha Pearsanta atá ag Athrú*, ar siúl ar an 9 Bealtaine 2024, rud a léirigh cloch mhíle shuntasach inár dtiomantas leanúnach don idirphlé, don chomhoibriú agus don rannchuidiú i dtéarmaí dul chun cinn i réimse athchóirithe díobhála pearsanta.

Bhí meascán dinimiciúil de chur i láthair léirsteanach ónár gCathaoirleach, beirt Airí Stáit, agus painéal ilghnéitheach de 18 gcainteoir oirrice, idir chainteoirí inmheánacha agus sheachtracha - lena n-áirítear saineolaithe ó dhlínsí idirnáisiúnta.

Agus 150 toscaire i láthair, thug an chomhhdáil daoine gairmiúla ó chúlraí éagsúla páirtithe leasmhara le chéile, lena n-áirítear an earnáil árachais, an pobal gnó, gairm an dlí, agus réimse an leighis.

Bhí an t-aiseolas thar a bheith dearfach, rud a chuir béim ar luach naisc athnuaite le pairtithe leasmhara agus rannpháirtíocht bhríoch. Ní hamháin gur neartaigh an teagmhas seo na caidrimh a bhí ann cheana féin ach leag sé an bhunchloch le haghaidh tuilleadh comhoibrithe, go háirithe i bpríomhréimsí mar leathnú leanúnach agus cur chun cinn ár seirbhís idirghabhála.

Chomh maith le hidirphlé agus rannpháirtíocht a chothú, bhain an chomhhdáil clúdach na meán luachmhar, ag cur le feachtas an phobail ar an mBord um Réiteach Díobhálacha agus ar an tírdhreach díobhála pearsanta atá ag teacht chun cinn.



Sa phictiúr: An tAire Neale Richmond TD, Aire Stáit um Fhorbairt Idirnáisiúnta agus Diaspóra



Sa phictiúr (clé-deas): Dermot Divilly Iar-Chathaoirleach an Bhoird um Réiteach Díobhálacha, an tAire Dara Calleary TD, an tAire Coimirce Sóisialaí agus an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Rosalind Carroll, POF, An Bord um Réiteach Díobhálacha



Sa phictiúr (clé-deas): Shelley Lopez, Cathaoirleach Gníomhach an Bhinse um Réiteach Sibhialta i BC, Ceanada, Genevieve Grant, Ollamh Comhlach Dáimhe an Dlí agus Stiúrthóir Ionad na hAstráile um Nuálaíocht Dlí agus Cirt, Ollscoil Melbourne Astráil, Tony Allen, Iar-Stiúrthóir CEDR, Aturnae agus Idirghabhálaí sa RA



Sa phictiúr: Abhcóide Sóisearach Úna Cassidy BL



Sa phictiúr (clé-deas): Colm Forde, Rúnaí Cúnta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Moyagh Murdoch, POF, Insurance Ireland, Brian Hanley, POF Alliance for Insurance Reform agus Brian O'Connor, Ceann na nÉileamh, Aviva



Sa phictiúr (clé-deas): An tAire Neale Richmond TD, an tAire Stáit um Fhorbairt Idirnáisiúnta agus Diaspóra, Rosalind Carroll, POF, Bord um Réiteach Díobhálacha agus Dermot Divilly, Cathaoirleach, Bord um Réiteach Díobhálacha



Sa phictiúr (clé-deas): Genevieve Grant, Ollamh Comhlach Ollscoil Melbourne, Maureen Gallagher, Bainisteoir, Aonad Oiliúna Athshlánaithe, Ospidéal Náisiúnta Athshlánaithe, Shelley Lopez, Cathaoirleach Gníomhach Binse um Réiteach Sibhialta Ceanada, an Dr Lauren Swan, Ceann Taighde agus Beartais an Bhoird um Réiteach Díobhálacha, Hilary McGouran, Ceann Idirghabhála an Bhoird um Réiteach Díobhálacha, Dermot Divilly, Cathaoirleach an Bhoird um Réiteach Díobhálacha Cathaoirleach, Rosalind Carroll, Príomhfheidhmeannach an Bhoird um Réiteach Díobhálacha, Lauryn Kerr, Leas-Chathaoirleach Binse um Réiteach Sibhialta Ceanada, Tony Allen, Iar-Stiúrthóir CEDR, Michael Corrigan Aturnae ag Corrigan and Corrigan Solicitors and Colm Forde, agus Colm Forde, Rúnaí Cúnta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta



Seirbhís do Chustaiméirí, Nuálaíocht agus Claochlú

Seirbhís do Chustaiméirí 2024

In 2024, thacaigh an Bord um Réiteach Díobhálacha leis na mílte duine trínár seirbhísí, d'fhreagair muid breis agus 245,000 ríomhphost, d'fhreagair muid níos mó ná 22,000 glao gutháin agus phróiseáil muid breis agus 255,000 píosa comhfhreagrais. D'eagraíomar breis agus 16,000 coinne leighis freisin agus láimhseáileamar breis agus 800 teachtaireacht comhrá ar líne.

In ainneoin líon ard, ní raibh sa mheán-am feithimh chun labhairt le duine dár bhfoireann ach 46 soicind. Léiríonn na figiúirí seo ár dtiomantas chun eispéireas seirbhíse custaiméara atá tráthúil, inrochtana agus so-úsáidte a sholáthar.

Soláthraíonn an Bord um Réiteach Díobhálacha seirbhís tosaigh do chustaiméirí trínár n-ionad seirbhíse tiomnaithe le línte gutháin ag feidhmiú ó Luan go hAoine ó 8rn go 6ín.

2024 in uimhreacha

Ríomhphoist Faighte

245,454 

Glaonna Gutháin Freagartha

22,628 

Teachtaireachtaí Comhrá ar líne

837 

Coinníí Leighis socraithe

16,364 

Comhfhreagras próiseáilte

255,096

Meán-am feithimh chun labhairt le gníomhaire

46 soicind*

Cuairteanna suímh gréasáin **70k** 

Gníomhartha Suímh Ghréasáin **276k**

in **60,000** imprisean ar LinkedIn

X **8,000** imprisean on X

f **1.3M** i dteagmháil ar Facebook

**Ní áirítear teachtaireacht tosaigh atá 1m3s ar fad*

Chomh maith le líne gutháin tiomnaithe cuirimid seirbhís comhrá ar líne ar fáil tríd ár suíomh gréasáin agus is féidir le custaiméirí teagmháil a dhéanamh linn freisin trí ríomhphost.

I dtimpeallacht arb iad is sainairíonna é dul chun cinn tapa teicneolaíochta agus ionchais an phobail atá ag teacht chun cinn, tá sé ríthábhachtach do chomhlachtaí na hearnála poiblí glacadh go réamhghníomhach le réitigh dhigiteacha agus feabhas leanúnach a chur ar sheachadadh seirbhíse. I gcomhthéacs an chúlra sin, tá an Bord um Réiteach Díobhálacha tiomanta do sheirbhísí a sholáthar atá éifeachtach, trédhearcach agus éasca le húsáid, agus d'fheabhsú leanúnach chun a chinntiú go bhfreagraíonn ár seirbhísí do riachtanais éagsúla ár bpáirtithe leasmhara.

Le linn 2024, chuir an Bord um Réiteach Díobhálacha roinnt tionscnamh chun cinn chun claochlú digiteach a thiomáint agus chun seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú:

- Tacaíocht don Tionscadal Claochlaithe Digiteach: D'éirigh linn soláthraí seirbhísí digiteacha nua a sholáthar agus a fhostú chun cur i bhfeidhm ár gclár claochlaithe digiteach a threorú. Tá an chomhpháirtíocht seo lárnach chun ár gcórais a nuachóiriú agus chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú.
- Cur i láthair Ghuth na Suirbhéanna ar Chustaiméirí.
- Feabhsuithe Oibriúcháin Inmheánacha: Tugadh faoi shraith tionscnamh inmheánach chun oibriúcháin gnó a neartú agus chun tacú lenár Lárionad Seirbhíse do Chustaiméirí.
- Leathnú ar ár seirbhís teachtaireachtaí SMS.

Claochlú Digiteach

Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha ag tabhairt faoi Chlár cuimsitheach Claochlaithe Digiteach atá dírithe ar ár n-éifeachtúlacht, ár n-aclaíocht agus ár seachadadh seirbhíse a fheabhsú.

Tá sé mar aidhm ag an gclár eispéireas an chustaiméara agus an fhostaí a athrú ó bhonn trí nuachóiriú ár gcóras, agus é mar sprioc straitéiseach soiléir aige éifeachtúlacht oibriúcháin a fheabhsú agus seirbhís níos trédhearcaí, níos freagraí agus níos tráthúla a sholáthar do gach duine a bhíonn i dteagmháil linn.

Tar éis an próiseas soláthair a thabhairt chun críche in 2024, tá an Bord um Réiteach Díobhálacha ag obair mar sholáthraí rathúil le dearadh. Is é an sprioc fhoriomlán ardán níos éifeachtúla agus níos dírithe ar an gcustaiméir a chruthú, léargas iomlánaíoch a sholáthar ar éilimh agus rochtain níos fearr ar fhaiseán a chinntiú dár gcustaiméirí go léir. Táimid ag súil go mbeidh an córas réidh le dul beo i R4 2025.

Cé go bhfuil an Bord um Réiteach Díobhálacha tiomanta go daingean don nuálaíocht dhigiteach, leanaimid ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil rochtain ar ár seirbhísí trí bhealaí éagsúla.

Leanann ár bhfoireann thiomanta seirbhíse do chustaiméirí ag tairiscint tacaíochta ar an guthán, agus is féidir éilimh a chur isteach ar líne agus tríd an bpost.

Guth an Chustaiméara

Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha tiomanta go hiomlán dár gcustaiméirí a chur i gcoilár ár seirbhíse. I mí Eanáir 2024, sheolamar tionscnamh suirbhéanna agus léargais Guth an Chustaiméara. Tugann an tionscnamh seo cuireadh do chustaiméirí a théann i dteagmháil leis an mBord Réitigh Díobhálacha ar an nguthán rogha an diúltaithe do shuirbhé leantach ar sheirbhís do chustaiméirí a dhéantar trí theachtaireacht téacs. Ceann de na gnéithe is tábhachtaí de shuirbhé Ghuth an Chustaiméara is ea na tuairimí focal ar fhocal a ghlacaimid. Cuireann sé seo ar chumas custaiméirí aon aiseolas ginearálta atá acu a lua. Tá sé seo fíor-luachmhar maidir le léargais agus aiseolas ó chustaiméirí a ghabháil. Tríd an aiseolas a fháil, is féidir leis an mBord léargais a fháil agus príomhfhoghlaim a aithint, rud a chuirfidh ar ár gcumas feabhsuithe ar sheirbhís do chustaiméirí a chur i bhfeidhm.

Cuirtear trí phríomhcheist sa suirbhé:

1. Cé chomh sásta a bhí tú le heolas agus saineolas an chomhairleora a láimhseáil do ghlaoch?
2. Ar éirigh linn do cheist a réiteach inniu?
3. Conas a mheasfaí do thaithí foriomlán leis an mBord Réitigh Díobhálacha?

Ar an meán, faigheann muid 10 suirbhé críochnaithe in aghaidh na míosa, le meánscór de 4.3 as 5 ar eolas/saineolas.

Bhí aiseolas ó chustaiméirí dearfach agus cuiditheach. Leag roinnt aiseolais béim ar chabhracht, éifeachtúlacht, agus áiríodh ar mholtaí feabhsúcháin an próiseas éileamh a shimpliú agus trédhearcacht a mhéadú.

Mar shampla:

"Bhí an t-idirghníomhú go dtí seo trí chomhrá ar líne agus ar an nguthán thar a bheith cabhrach, tapa agus éifeachtach."

"Bhí an bhean ar labhairt mé léi cineálta, díreach go dtí an pointe chun mo cheist a réiteach agus go príomha d'éist sí go foighneach liom."

"Giorraigh an t-am chun an próiseas a chríochnú"

In 2025, tá sé beartaithe againn an suirbhé a leathnú chuig úsáideoirí líne thalún agus leanúint leis an aiseolas seo a úsáid chun eolas a thabhairt d'fheabhsuithe seirbhíse.

Teachtaireachtaí SMS

Tugadh isteach den chéad uair in 2023, agus bhí ról lárnach ag ár seirbhís teachtaireachtaí SMS maidir le feabhas a chur ar rátaí freastail scrúduithe leighis neamhspleácha. Is éard atá i gceist leis seo meabhrúcháin uathoibrithe coinne a sheoladh chuig custaiméirí trí SMS 72 uair roimh a gcuid scrúduithe.

In 2024, d'eisigh an Bord um Réiteach Díobhálacha 353 meabhrúchán SMS ar an meán in aghaidh na míosa. Mar thoradh ar an tionscnamh seo tháinig laghdú 20% ar an ráta neamhfhreastail, ag sruthlíniú an phróisis éileamh, ag feabhsú éifeachtúlachta agus ag coigilt ar chostais seachadta ghaolmhara.

Gearáin ó Chustaiméirí

Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, féachann an Bord um Réiteach Díobhálacha ar ghearáin agus aiseolas ó chustaiméirí mar dheiseanna luachmhara foghlama, fáis agus feabhsúcháin leanúnaigh. Déileáiltear le gach gearán le dáiríreacht agus práinn, agus táimid tiomanta do cheisteanna a réiteach chomh héifeachtach agus chomh trédhearcach agus is féidir. In 2024, fuaireamar 103 gearán ó chustaiméirí, méadú 42% i gcomparáid le 2023. Bhain formhór na ngearán seo le moilleanna riaracháin, agus bhain céatadán níos lú le scrúduithe neamhspleácha leighis.




Ár Suíomh Gréasáin

Is acmhainn tábhachtach é ár suíomh gréasáin do chustaiméirí atá ag lorg faisnéise faoinár seirbhísí. In 2024, tugadh breis agus 70,000 cuairt orainn agus d'éascaigh muid níos mó ná 270,000 gníomh úsáideora, ag cur béime ar a ról i rannpháirtíocht agus tacaíocht do chustaiméirí. Táimid ag pleanáil tuilleadh infheistíochtaí in 2025 chun a inrochtaineacht a fheabhsú. Cinnteoidh sé seo gur féidir le daoine aonair ó gach cúlra teacht go héasca ar an bhfaisnéis a theastaíonn uathu, rud a threisiúnn ár dtiomantas do sheirbhís chuimsitheach agus éifeachtach do chustaiméirí.

Na Meáin Shóisialta

Is bealach tábhachtach cumarsáide iad na meáin shóisialta don Bhord um Réiteach Díobhálacha, toisc go n-úsáidtear bealaí chun dul i ngleic go héifeachtach lenár bpáirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne. Le linn 2024 rinneamar ár mbealaí meán sóisialta a athbhrandáil chun feasacht branda forleathan a chruthú, agus déanaimid teagmháil dhíreach leis an bpobal, ag cothú trédhearcachta agus muiníne trí chumarsáid agus aiseolas fíor-ama. Úsáidtear na hardáin chun aird a tharraingt ar phríomhthuaisc, chun torthaí taighde a roinnt agus chun teachtaireachtaí tábhachtacha a mhéadú do lucht éisteachta níos leithne.

Ó 2024, coinníonn an Bord um Réiteach Díobhálacha trí chainéal meán sóisialta gníomhacha, X (Twitter roimhe seo), Facebook agus LinkedIn. In 2024 bhí thart ar 60,000 imprisean ag ár bpostálacha ar LinkedIn, 8,000 Imprisean ar X agus raon measta de 1.3 milliún ar Facebook, rud a léiríonn an méadú atá ag teacht ar ár gcainéal digiteach agus ag cur béime arís gurb é LinkedIn an cainéal is mó fáis atá againn.





Cumhachtaithe ag Daoine agus Rialachas Láidir

Conas A Oibrímid

Tá rath an Bhoird um Réiteach Díobhálacha á thiomáint ag saineolas, tiomantas agus dúthracht ár ndaoine. Déanann an Bord a dhícheall ionad oibre dearfach cuimsitheach a chothú a thacaíonn le foghlaim leanúnach lena chinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas cuí ag ár bhfoireann chun ár misean a chomhlíonadh.

Tá ár bPríomhfheidhmeannach agus ár bhfoireann á dtreorú ag Bord Stiúrthóirí, a sholáthraíonn maoirseacht straitéiseach agus rialachas agus ceannaireacht láidir, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha féinmhaoinithe go hiomlán trí tháillí éilitheora agus freagróirí. Coinníonn an Bord dianmhairseacht bhuiséadach chun luach ar airgead a sholáthar agus chun freastal ar leas an phobail.

I mí Iúil 2024, chuaigh ár gcathaoirleach, Dermot Divilly, ar scor tar éis 10 mbliana de sheirbhís thiomanta don Bhord. D'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an ról go poiblí agus chuireamar fáilte roimh ár gCathaoirleach nua, Tom Coughlan, ar an 24 Deireadh Fómhair

Athcheapadh ár Leas-Chathaoirleach, Karen Furlong ar an mBord don dara téarma cúig bliana i mí na Samhna.

Rinneadh athruithe eile ar ár mBord in 2024. Ceapadh ár gcomhalta boird, Nuala Jackson mar Bhreitheamh den Ard-Chúirt in 2023. Ghlac Sheila O'Riordan, BL, a suíomh ar an mBord tar éis comórtais phoiblí. Athcheapadh Aengus Cummins, ainmnitheach Insurance Ireland, don dara téarma trí bliana.



Rosalind Carroll
Príomhfheidhmeannach



Eileen Devereux
Príomhoifigeach
Oibríochtaí

- Seirbhís Measúnaithe
- Idirghabháil
- Díl



Bernadette King
Stiúrthóir
Airgeadais

- Airgeadas
- Iniúchadh
- Soláthar



Hilary McGouran
Stiúrthóir
Cumarsáide,
Straitéise agus
Rialachais

- Seirbhís Corparáideacha
- AD
- Taighde
- Cumarsáid



Paul Duggan
Stiúrthóir Eatramhach
Seirbhísí Tacaíochta Gnó

- TFC
- Claochlú Digiteach
- Seirbhísí do Chustaiméirí agus Iarratais
- Bainistiú ar Chonradh Ionad Seirbhíse Seachfhoinisithe

Chríochnaigh ár n-ainmní de chuid an Bhainc Ceannais, Cathal Lafferty, a théarma cúig bliana ar an mBord ag deireadh mhí na Nollag agus tá sé le hathsholáthar.

Tá an Eagraíocht faoi stiúir ár bPríomhfheidhmeannach, Rosalind Carroll agus Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin.

In 2024, chuaigh beirt dár bhFoireann Feidhmiúcháin a raibh cúigear ball againn, ár Stiúrthóir Seirbhísí Tacaíochta Gnó, agus ár Stiúrthóir Corparáideach ar scor tar éis 20 bliain seirbhíse don Bhord. Tá foireann an Bhoird um Réiteach Díobhálacha thar a bheith buíoch do Helen Moran agus Stephen Watkins as a gcuid oibre crua i múnú an Bhoird um Réiteach Díobhálacha, agus é á fhás ó aonán nuabhunaithe go heagraíocht láidir.

Tar éis comórtas earcaíochta oscailte, líonadh an post nua-theideal mar Stiúrthóir Cumarsáide, Straitéise agus Rialachais ag Hilary McGouran a bhí ina Ceann Idirghabhála roimhe seo.

Líon Paul Duggan ról an Stiúrthóra Tacaíochta Gnó ar bhonn eatramhach, agus tá sé beartaithe aige ról buan a fhógairt in 2025.

Oiliúint agus Forbairt

Tá foireann oile agus rannpháirteach rithábachtach chun cuspóirí straitéiseacha an Bhoird um Réiteach Díobhálacha a bhaint amach, agus is tosaíocht í an fhoghlaim leanúnach.

Bainimid úsáid as an gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (PMDS) chun feidhmíocht an duine aonair a ailíniú le cuspóirí na heagraíochta agus chun deiseanna forbartha a aithint le haghaidh forbairt ghairmiúil agus feabhsú leanúnach

Cuirtear tacaíocht ar fáil don bhreiseoideachas agus don fhoghlaim agus don oideachas thar roinnt réimsí. In 2024, cuireadh maoiniú ar fáil chun cur ar chumas cuid dár ndaoine cáilíochtaí a bhaint amach i réimsí lena n-áirítear Bainistíocht Acmhainní Daonna, Seirbhísí Párolla, Éagsúlacht agus Cuimsiú a Bhainistiú agus Anailís Ghnó Digiteach. Ina theannta sin, rinneamar urraíocht ar chomhghleacaí chun freastal ar Chlár Éire Óg a dhíríonn ar scileanna cumarsáide a fhorbairt. Cuireadh oiliúint ar fáil freisin maidir le himscrúduithe san ionad oibre, bainistíocht riosca, cosaint sonraí, oiliúint agallóra bunaithe ar inniúlacht agus oiliúint agallóirí agus pinsin, chomh maith le hoiliúint réamhscoir.

In 2024 ghlac an fhoireann páirt i seisiúin éagsúla feasachta agus cuimsithe ó Spásanna Sábháilte a Chruthú do Dhaoine LGBTQ+ ag an Obair, Tacú le Uathachas san Ionad Oibre agus Tacú le Sos Míostraithe.

Earcaíocht

In 2024, choinnigh an Bord um Réiteach Díobhálacha líon foirne de 78, le tacaíocht ó ionad seirbhíse seachtrach i gCorcaigh, agus ár bpainéil idirghabhálaithe agus lia-chleachtóirí.

I rith na bliana, líonadh 13 ról go rathúil trí chomórtas earcaíochta oscailte, lena n-áirítear ról an Stiúrthóra Cumarsáide, Straitéise agus Rialachais. Astu seo, tháinig ardú céime inmheánach ar cheathrar, agus tháinig naonúr comhghleacaithe nua isteach san eagraíocht.

Rinneamar ról cúntóra taighde sealadach a phiolótú freisin chun deis a thabhairt do mhic léinn taighde cur le raon tionscadal sonraí-tiomáinte. Díríodh in 2024 ar anailís a dhéanamh ar thimpistí tráchta bóthair a bhaineann le húsáideoirí leochaileacha bóithre in Éirinn.

Fáiltíonn ár bhfeachtais earcaíochta go gníomhach roimh iarratais ó dhaoine ó gach cúlra.

Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Comhionannais san Earnáil Phoiblí agus Chearta an Duine

Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha tiomanta do chomhionannas a chur chun cinn, deireadh a chur le hidirdhealú, agus cearta an duine a chosaint do gach duine a úsáideann ár seirbhísí agus dár bhfostaithe agus dár n-úsáideoirí seirbhíse. Glacaimid cur chuige réamhghníomhach i leith an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe i ngach oibríocht.

Déanaimid ár ndícheall ár dtiomantais faoi Alt 43 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a chomhlíonadh agus aird a thabhairt ar phrionsabail na reachtaíochta sin. Cloímid leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 - 2015, agus le reachtaíocht eile. Is féidir leis an bhfoireann leas a bhaint as raon scéimeanna chun freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta, amhail clár oideachais, saoire staidéir, uaireanta oibre laghdaithe, sosanna gairme, obair chumaisc agus uaireanta oibre solúbtha. In 2024 bhain deichniúr dár 77 ball foirne leas as seachtain oibre laghdaithe faoi roinnt oibre nó saoire do thuismitheoirí, bhain 18 ball foirne leas as bloc saoire gan phá agus bhain beirt bhall foirne leas as sosanna gairme.

Déanaimid ár ndícheall cultúr comhoibríoch cuimsitheach a chothú trí ghrúpa comhairleach foirne agus trí chruinnithe faisnéise rialta foirne agus trí chomhdháil bhliantúil na foirne.

“Tá rath an Bhoird um Réiteach Díobhálacha á thiomáint ag saineolas, tiomantas agus dúthracht ár ndaoine.”



Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

I gcomhréir leis an larscríbhinn maidir le Comhardú Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú a ghabhann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá an Bord um Réiteach Díobhálacha tiomanta do chultúr ceannaireachta cuimsitheach agus éagsúil a chothú. Le linn 2024, léirigh ár mBord comhdhéanamh inscne de 45% baineann agus 55% fireann a bhain an sprioc riachtanach amach, ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne ar Bhoird Stáit. Leanaimid de mhonatóireacht a dhéanamh ar an éagsúlacht agus í a chur chun cinn de gach cineál, ag aithint go gcuireann rialachas cuimsitheach le cinnteoireacht agus le muinín an phobail.

Tacaímid le lucht saothair a léiríonn éagsúlacht na hÉireann sa lá atá inniu ann, ag cinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag gach fostaí ar dheiseanna agus gur féidir leo a bheith compordach agus muiníneach. Tá ár bhfeachtais earcaíochta cuimsitheach, fáiltíonn siad roimh iarratasóirí ó gach cúlra, agus cinntíonn siad cleachtais neamh-idirdhealaitheacha maidir le hinscne, aois, cine, reiligiún, stádas pósta, claonadh gnéasach, míchumas, stádas teaghligh, nó ballraíocht sa Lucht Taistil.

Comhlíonaimid ceanglais Chuid 5 an Údaráis Náisiúnta Míchumais, agus críochnóimid daonáireamh bliantúil chun líon agus céatadán na mball foirne faoi mhíchumas a mheas. In 2024, dhearbhaigh 8% dár bhfostaithe míchumas.

Tá Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais oilte againn a fheidhmíonn mar phointe teagmhála d'fhostaithe faoi mhíchumas. Tá Oifigeach Rochtana againn chun cabhrú leo siúd a bhfuil cúnamh de dhíth orthu chun rochtain a fháil ar ár seirbhís. Cumasaíonn teicneolaíocht inrochtana rannpháirtíocht chuimsitheach freisin. Tá ár mbeartas Dínit ag an Obair mar bhonn agus mar thaca ag ár dtiomantas do thimpeallacht mheasúil, shábháilte agus chuimsitheach do gach fostaí, custaiméir, soláthraí agus cuairteoir – i gcónaí.

Chun tacú lenár bhfoireann, agus chun béim a chur ar chomhbhá dár n-úsáideoirí seirbhíse, cuireann an Bord um Réiteach Díobhálacha faisnéis agus seimineáir ghréasáin ar fáil freisin maidir le néaréagsúlacht, meabhairshláinte, míchumais fholaithe, agus samhail shóisialta an mhíchumais chun oideachas a chur ar gach ball foirne agus timpeallacht shábháilte a chur chun cinn don fhoireann. míchumais a nochtadh, agus chun tacú leo siúd a úsáideann ár seirbhísí ar bhealach atruacha.

Tá Oifigeach Rochtana againn freisin, chun cabhrú leo siúd a dteastaíonn cúnamh uathu chun rochtain a fháil ar ár seirbhísí agus ar ár bhfoirgneamh.

Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Feidhmíonn an Bord um Réiteach Díobhálacha roinnt scéimeanna a thugann roghanna don fhoireann maidir le freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta, amhail cláir oideachais, saoire staidéir, uaireanta oibre laghdaithe, sosanna gairme, obair chumaisc agus uaireanta oibre solúbtha. In 2024 bhain deichniúr as 77 leas as seachtain oibre laghdaithe faoi chomhroinnt oibre nó saoire do thuismitheoirí (deonaithe ar bhealach níos ilroinnte ná mar a éilíonn an reachtaíocht um Shaoire do Thuismitheoirí), bhain 18 ball foirne leas as bloc saoire gan phá agus bhain beirt bhall foirne leas as sosanna gairme.

Bearna Phá idir na hInscní

Tagraíonn an bearna pá idir na hinscní (GPG) don difríocht i meánphá uaire na bhfear agus na mban ar fud eagraíochta. Faoin Acht um Fhaisnéis ar Bhearna Pá Idir na hInscní ceanglaítear ar eagraíochtaí tuairisc a thabhairt ar a GPG thar raon méadrachta. Mar gheall ar ár méid foirne (níos lú ná 150) tá an Bord um Réiteach Díobhálacha díolmhaithe ó thuairisceán GPG a dhéanamh do 2024. Laghdóidh an tairseach seo go 50 fostaí in 2025.

Ina ainneoin sin, táimid tiomanta do thrédhearcacht agus do chomhionannas inscne. Déanaimid monatóireacht ghníomhach ar ár mbearna pá idir na hinscní. Cinntímid cothromas i bpá d'fhir agus do mhná sna ról agus sna gráid chéanna.

In 2024, ba mhná iad 58% dár 77 fostaí. Cuimsíonn ár bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ionadaíocht ban 80% don tréimhse tuairiscithe.

Miondealú foirne an 31 Nollaig 2024:

	Baineann	Fireann
POF, Stiúrthóir, Príomhoifigeach	5	2
Grád Phríomhoifigigh Cúnta	10	12
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	11	8
Oifigeach Feidhmiúcháin	14	6
Oifigeach Cléireachais	5	4
Iomlán	45	32

Rialachas

Riosca

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile go foirmiúil cúig huaire i rith 2024. Pléadh bainistíocht riosca ag 3 cinn de 5 chruinniú an Choiste i rith na bliana le nuashonruithe curtha ar fáil ag an bPríomhoifigeach Riosca. Tugadh cur i láthair foirmiúil bliantúil ar rioscaí lena n-áirítear an Clár Riosca don Bhord i mí na Nollag 2024. Rinneadh Cairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2024.

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Soláthraíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) creat chun a chinntiú go gcloíonn comhlachtaí Stáit leis na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh. Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha tiomanta go hiomlán do nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Gach bliain, cuireann Cathaoirleach an Bhoird ráiteas ar chomhlíonadh an Chóid ar fáil go foirmiúil don Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Déanann an ráiteas seo tagairt freisin do chomhlíonadh agus do chloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí. Mar chuid de cheanglais an Chóid, forbraíodh Comhaontú Comhaontaithe Feidhmíochta agus Seachadta Oibriúcháin agus comhaontaítear é go bliantúil lenár Roinn líne.

Eitic in Oifigí Poiblí

Feidhmíonn an Bord um Réiteach Díobhálacha faoi chuimsiú an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh iomlán an Achta a chinntiú. De réir na gceanglas sin, tá ráitis leasa comhlánaithe ag Comhaltaí Boird, Stiúrthóirí agus Bainisteoirí, ag cloí le forálacha na reachtaíochta. Ina theannta sin, éascaítear nochtadh leanúnach leasanna trí phrótacail bhunaithe, lena n-áirítear dearbhú éigeantach ag tús gach cruinnithe Boird. Ina theannta sin, tá baill foirne ar leibhéal na bainistíochta faoi réir na n-oibleagáidí reachtacha céanna.

Nochtadh Cosanta

Tá bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha bunaithe, á gcothabháil agus á n-oibriú ag an mBord um Réiteach Díobhálacha chun tuarascálacha a dhéanamh agus chun obair leantach a dhéanamh ar thuarascálacha faoi reachtaíocht um nochtadh cosanta. I gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, ceanglaítear ar an mBord Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ina sonraítear líon na nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin agus na gníomhartha a rinneadh mar fhreagra.

Don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir go dtí an 21 Nollaig 2024, deimhníonn an Bord nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta faoi fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta 2014.

Íoc Pras Cuntas

Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha ar an eolas faoina fhreagracht as comhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (IR.580 de 2012) a áirithiú ar gach slí ábhartha, lena bhforáiltear go dtiocfaidh ús pionóis chun bheith iníoctha mura gcomhlíontar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonraítear a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. Is é an beartas atá againn ná cinntiú go ndéantar gach sonrasc a rianú agus a íoc go tapa roimh an dáta dlite ar mhaithe le cuspóirí úis agus táilli. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun dearbhuithe réasúnta a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm freisin chun a chinntiú go n-íoctar ús déanach, más gá. In 2024 d'íocamar €6,421 san iomlán in ús íocaíochta déanach agus cúiteamh, i gcomparáid le €5,804 an bhliain roimhe sin.

Cánachas

Deimhníonn an Bord um Réiteach Díobhálacha comhlíonadh na ndlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an Bord um Réiteach Díobhálacha eiseamláireach ina chomhlíonadh lena oibleagáid faoi dhlíthe cánachais agus go n-íoctar gach dlíteanas cánach ar na dátaí dlite ábhartha nó roimhe.

Cosaint Sonraí

In 2024, rinne an Bord um Réiteach Díobhálacha athbhreithniú agus aghaidh ar 37 sárú sonraí neamh-infhógartha i gcomhréir lenár dtiomantas do shlándáil sonraí agus trédhearcacht.

Mar rialaitheoir sonraí, tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde cosanta sonraí a choinneáil i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018. Táimid freagrach as sonraí pearsanta agus sonraí catagóir speisialta a chuirtear de chúram orainn a chosaint.

Tá Fógra Príobháideachais um Chosaint Sonraí cuimsitheach foilsithe againn ar ár suíomh gréasáin agus tá beartais agus nósanna imeachta inmheánacha láidre curtha i bhfeidhm againn chun sonraí pearsanta a chosaint agus chun ceartha na n-ábhar sonraí a chosaint.

In 2024, rinneamar roinnt Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIAanna) chun na rioscaí a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí próiseála sonraí a mheas. Cuidíonn na measúnuithe seo lena chinntiú go bhfuil próiseáil riachtanach, comhréireach agus measúil ar chearta daoine aonair.

Tugaimid tús áite freisin d'fheasacht agus d'oiliúint foirne. Tá prionsabail um chosaint sonraí leabaithe inár n-oibríochtaí laethúla, agus reáchtáiltear seisiúin oiliúna rialta chun dea-chleachtais a threisiú. I mí Lúnasa 2024, cuireadh oiliúint thiomanta ar fáil do gach ball foirne nua.

Saoráil Faisnéise

Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. In 2024, d'fhreagair an Bord 23 iarratas um Shaoráil Faisnéise (SF), a chlúdaigh ceisteanna cás-shonracha agus cúrsaí eagraíochtúla níos leithne.

I gcomhréir lena oibleagáidí faoin Acht, coimeádann an Bord Scéim Fhoilseacháin um Shaoráil Faisnéise chuimsitheach, a sholáthraíonn faisnéis a nuashonraítear go rialta maidir lena sheirbhísí, a oibríochtaí airgeadais agus a ghníomhaíochtaí soláthair. Tá an fhaisnéis seo ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Bhoird, ag tacú le trédhearcacht agus cuntasacht.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta tiomanta do chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge i soláthar ár seirbhísí agus na seirbhísí sin a dhéanamh inrochtana don phobal. In 2021, tugadh isteach Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) a chiallaíonn go bhfuil dualgas anois ar chomhlachtaí na hearnála poiblí a chinntiú go bhfuil 20% dá bhfógraíocht bhliantúil íoctha i nGaeilge agus go gcaitear 5% dá mbuiséad fógraíochta ar fhógraíocht i bhfoilseacháin Ghaeilge.

In 2024, sháraigh muid an dá dhualgas le 21% dár mbuiséad fógraíochta íoctha á úsáid ar an nGaeilge agus 9% ar fhoilseacháin Ghaeilge. Táimid ag cloí freisin le gach alt eile d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Leanfaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar ár gcomhlíonadh agus ag cinntiú go bhfuil an Ghaeilge mar chuid lárnach den obair a dhéanaimid.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(469,992)	(453,302)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			
Ús Faighte	2 (b)	98,100	9,380
Glan-in-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais		98,100	9,380
Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim			
		2,208,827	2,394,816
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir			
		11,588,414	9,193,598
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 31 Nollaig		13,797,242	11,588,414

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, arna léasú, agus tá an cheannoifig i dTeach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. D'athraigh ainm na heagraíochta ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) go dtí an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta, ag leanúint ar aghaidh ó thosach feidhme fhorálacha ábhartha an Achte um Bord Réitigh Díobhálacha Pearsanta 2022 an 14 Nollaig 2023.

Tá príomhfheidhmeanna an Bhoird um Réiteach Díobhálacha Pearsanta leagtha amach i gCuid 3 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, arna léasú.

Eintiteas Sochair Phoiblí is ea an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta.

Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird um Réiteach Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhruithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil de réir chleachtas cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn agus tá siad san fhoirm a comhaontaíodh leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina ainmnítear na ráitis airgeadais.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh (féach Nóta 18).

Ioncam

Táillí éilitheora:

Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltas airgid ach iarratas chun éileamh a chlárú leis an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta a fháil.

Táillí freagróra:

Aithnítear táillí freagróra ar thoiliú le próiseas an Bhoird um Réiteach Díobhálacha sa bhliain nuair a thuilltear an t-ioncam agus nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

I gcomhréir le FRS 102 alt 23, soláthar seirbhísí, aithnítear ioncam ó tháillí Freagróra sa mhéid is gur dócha go sreabhfaidh na sochair eacnamaíocha chuig an mBord um Réiteach Díobhálacha agus gur féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaoifa. Comhlíontar na critéir a leanas sula n-aithnítear ioncam:

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Seirbhísí a sholáthar:

Aithnítear ioncam ó chonradh chun seirbhísí a sholáthar sa tréimhse inar soláthraíodh na seirbhísí i gcomhréir le céim chríochnaithe an chonartha.

Aithnítear ioncam ó tháille freagróra sa tréimhse ina thuilltear an t-ioncam agus ina soláthraítear an tseirbhís, bunaithe ar an modh céime chríochnaithe le haghaidh seirbhísí a chur ar fáil.

Déileáiltear le táillí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís.

Costais Réamhíochta

Tabhaíonn an Bord um Réiteach Díobála costais sula bhfaightear toiliú agus déanann sé meastachán ag deireadh na bliana faoi chéatadán na gcásanna sin a mbeidh toiliú mar thoradh orthu agus déileálann sé leis na costais sin mar réamhíocaíochtaí.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag an gcostas nó luacháil lúide dímheas carntha. Léirítear dímheas ar bhonn líne dhíreach ar rátaí a mheastar a laghdaíonn na sócmhainní anuas chuig a luach inréadaithe faoi dheireadh a saolréanna ionchasacha úsáideacha mar a leanas:

Feabhsúcháin Léasachta	Blianta fágtha ar an léas	Méid Cothrom
Crua-earrai/Bogearrai TF	25.00%	Méid Cothrom
Trealamh Oifige	20.00%	Méid Cothrom
Daingneáin agus Feistis	12.50%	Méid Cothrom
Troscán Oifige	12.50%	Méid Cothrom
Córas á Fhorbairt		Gan Dímheas

Déantar costais an chórais atá á fhorbairt a chaipitliú a mhéid is a shásaíonn siad ceanglais FRS 102 maidir le sócmhainní doláimhsithe seachas dea-thoil a chaipitliú.

Cánachas

Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorporáide faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Ní bhaineann an díolúine sin le hús taisce. I gcás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid infhaighte do shochar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Léas Oibríochta

Tuairiscítear an caiteachas ar cíósanna faoi léasanna oibríúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe thar fadtréimhse an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear i gcaitheamh shaolré an léasa.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (*ar lean*)

Infháltais

Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta agus déantar foráil shonrach d'aon mhéid a bhfuil amhras ann faoina bhailiúcháin.

Sochair Fostaithe

Sochair Gearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Le hullmhú na ráiteas airgeadais ceanglaítear ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dlíteanais amhail ar an dáta tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin sin is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

Lagú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchadh maidir le lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim glanluach in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaíthe mar gheall ar an méid a sháraíonn méid iompair na sócmhainne a méid inghnóthaithe. Is é an méid in-aisghabhála an ceann is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas díola agus luach in úsáid.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord um Réiteach Díobhálacha ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha Crua-earraí TF, agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

Forálacha

Déanann an Bord um Réiteach Díobhálacha forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha tríú páirtí, arb eol dó a bheith gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. De ghnáth déantar na forálacha seo bunaithe ar dhúshlán reatha nó faisnéis ábhartha eile, arna coigeartú do threochtaí le déanaí nuair is ábhartha. Mar sin féin, is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí nach dtarlóidh le roinnt blianta anuas. Mar thoradh air sin agus ar leibhéal na héiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, seans go mbeidh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhir agus an méid a measadh.

Oibleagáid Sochar Scoir

Déantar na foshuíomhanna is bonn le luachanna achtúireacha dá ndéantar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochtaí costais chúram sláinte) a nuashonrú gach bliain, bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Is féidir tionchar a bheith ag na foshuíomhanna ar:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáide
- (ii) leibhéil cúitimh amach anseo, dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo
- (iii) treorátaí costas cúram sláinte, ráta boilscithe de bharr costas liachta sna réigiúin ábhartha.

Sochair Scoir

Cineál na Scéimeanna

Feidhmíonn an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta scéim pinsin sochair shainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Eiseamláir na Seirbhíse Poiblí. D'fhaomh an tAire Fiontar, Trádala agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe scéim na bhfostaithe in 2008. Faomhadh an scéim Pinsin Ranníocach do Chéilí agus do Leanaí in 2009.

Ina theannta sin, oibríonn an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta an Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair), ar scéim í le sochar sainithe do sheirbhísigh inphinsin poiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.

Tréithe na Scéime

Tá roinnt tréithe sonracha ag na scéimeanna:

Scéim Eiseamláireach:

- Déanann an Bord um Réiteach Díobhálacha ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta.
- Cuimsíonn an ranníocaíocht gné fostaí mar aon le gné fostóra. B'fhiú 25% de phá comhlán ranníocaíocht an fhostóra in 2024, nó 30% maidir le baill foirne ar ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá tiomantas ón Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta le comhaontú na Roinne Airgeadais go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bheidh siad dlite.

Go substaintiúil, measann an Bord um Réiteach Díobhálacha go bhfanann an oibleagáid chun sochar scoir a íoc leis an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta, ach go bhfuil tiomantas tugtha ag an Státchiste dóthain cistí a sholáthar don Bhord um Réiteach Díobhálacha chun aon oibleagáidí den sórt sin a réiteach thar ceann an Bhoird um Réiteach Díobhálacha de réir mar a bheidh siad dlite, ar choinníoll go n-íocann an Bord um Réiteach Díobhálacha le fostaithe agus le ranníocaíochtaí an fhostóra de réir rátaí sonrath. Dá réir sin, aithníonn na ráitis airgeadais Oibleagáid Sochar Scoir agus Cistiú larchurtha Státchiste Sochar Scoir infhaighte.

Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí

- Íoctar ranníocaíochtaí comhaltaí Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPA). Tá ranníocaíocht an fhostóra iníoctha le RCPA freisin de réir Chiorclán RCPA 28/2016.

Chun críocha tuairiscithe i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, cuireadh nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach i gcrích amhail an 31 Nollaig 2024.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (*ar lean*)

Dlíteanais Scéime

Déantar dlíteanais na Scéime Eiseamláirí agus na Scéime Aonair arna léiriú ag luach reatha íocaíochtaí amach anseo atá tuillte ag foireann an Bhoird um Réiteach Díobhálacha Pearsanta go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe an Bhoird um Réiteach Díobhálacha sa tréimhse, agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe, a choinníonn an Roinn. Meastar an méid le cur san áireamh sna ráitis airgeadais do mhéid na Sócmhainne larchurtha Státhchiste Sochar Scoir ag méid atá comhionann le meastachán na hoibleagáide do dhlíteanais na scéime pinsin.

Gnóthachain nó Caillteanais Achtúireacha na Scéime

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar fhoshuíomhanna achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh taithí sa Ráiteas Ioncaim Chuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don iarmhéid le haghaidh Scoir Státhchiste larchurtha Sócmhainn Sochair.

Tá ranníocaíochtaí an fhostóra don bhliain san áireamh sna costais phinsin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Cúlchiste Caipitil

De réir fhorálacha Alt 74A(1) den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2019, d'údaraigh Aire na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí, an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta (An Bord um Réiteach Díobhálacha) a leibhéal reatha cúlchistí a choinneáil chun críocha caiteachais ag an mBord um Réiteach Díobhálacha i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Maidir leis sin, bhunaigh an Bord um Réiteach Díobhálacha cúlchiste caipitil mar atá leagtha amach i Nóta 15.

Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh ar chuspóirí caipitiúla. Déantar aistrithe idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil gach bliain chun gurb ionann iad agus maoiniú caipitil do shócmhainní seasta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

2(a) Ioncam Táille

	2024 €	2023 €
Ioncam Táille Éilitheora	1,104,927	1,095,500
Ioncam Táille Freagróra	14,584,785	13,512,380
Ioncam Iarchurtha sa bhliain reatha	(5,995,529)	(5,048,081)
Ioncam Iarchurtha – An méid a scaoileadh le hioncam sa bhliain	5,019,250	3,495,468
	14,713,433	13,055,267

Ioncam Táille Éilitheora:

Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltais airgid ach iarratas chun éileamh a chlárú leis an mBord um Réiteach Díobhálacha a fháil. Ón 1 Meán Fómhair 2019 méadaíodh an táille maidir le hiarratas ar pháipéar ó €45 go €90 in aghaidh an iarratais i gcomhréir le I.R. Uimh. 363/2019. - Rialacháin um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2019.

Is é €45 an táille ar iarratas i bhfoirm leictreonach.

Ioncam Táille Freagróra:

Tá táille freagróra infheidhme nuair a thóilíonn freagróir (árachóirí nó féinárachaithe den chuid is mó) le héileamh a bheith á mheasúnú ag an mBord um Réiteach Díobhálacha (mar atá leagtha amach san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 arna leasú). Tá 3 mhí ag freagróir ó fhógra foirmiúil a fháil chun toiliú le measúnú, mainnítear toiliú ina dhiaidh sin mura dtugann freagróir treoir don Bhord um Réiteach Díobhálacha nach dteastaíonn uathu an éileamh a mheas. Aithnítear an t-ioncam ó tháille freagróra nuair a thóilítear do phróiseas an Bhoird um Réiteach Díobhálacha sa bhliain ina thuilltear an t-ioncam nó ina sholáthraítear an tseirbhís. Is é €1,050 an táille reatha de réir I.R. Uimh. 124/2022 - Rialacháin an Bhoird um Measúnú Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2022.

Ioncam Iarchurtha

Íoctar táillí freagróra nuair a thóilítear chuig an bpróiseas measúnaithe. Scaoiltear ioncam táillí freagróra leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ar sheachadadh na seirbhíse de réir mar a théann an t-éileamh ar aghaidh trí phróiseas an Bhoird um Réiteach Díobhálacha. Pléitear le hioncam táille freagróra ar obair atá le críochnú mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear é mar dhliteanas reatha.

2(b) Ioncam Eile

	2024 €	2023 €
Ús Infhála	98,100	9,380
Ioncam ilghnéitheach	4,226	7,223
	102,326	16,603

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

3 Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara

	2024 €	2023 €
Tuarastail Foirne an Bhoird um Réiteach Díobhálacha	5,411,364	5,187,003
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostóra	1,208,266	1,187,923
Ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra	544,370	509,100
Foireann Shealadach	72,003	140,199
	7,236,003	7,024,225

* Tá €251,463 de Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) asbhainte agus íoctha leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2024, asbhaineadh €253,799 agus íocadh anonn é in 2023.

	2024 €	2023 €
An Líon Foirne		
Meánfhoireann atá fostaithe go díreach ag an mBord um Réiteach Díobhálacha	80	75

	2024 €	2023 €
Díolaíochtaí an Phríomh-Fheidhmeannaigh		
Rosalind Carroll - Tuarastal	183,698	174,286
	183,698	174,286
Taisteal agus Cothabháil (Tagus)	2,825	1,774

Tá an Príomhfheidhmeannach Rosalind Carroll ina comhalta de Scéim Pinsean Eiseamláireach na Seirbhíse Poiblí (féach Nóta 14) agus tá a teidlíochtaí pinsin de réir théarmaí na scéime. Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse.

Príomhphearsanra Bainistíochta

Ar na príomhphearsanra bainistíochta sa Bhord Réitigh Díobhálacha Pearsanta tá an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin arb iad an Príomhoifigeach Oibríochtaí, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí Tacaíochta Gnó, Stiúrthóir Cumarsáide, Straitéise agus Rialachais agus Stiúrthóir Airgeadais. Tá luach iomlán sochar fostaí príomhphearsanra an lucht bainistíochta leagtha amach thíos.

	2024 €	2023 €
An tuarastal comhiomlán iomlán agus sochair ghearrthéarmacha	653,022	675,948

Tá teidlíochtaí pinsin an phríomhphearsanra bainistíochta i gcomhréir le téarmaí Scéim Pinsin Eiseamláireach na Seirbhíse Poiblí agus Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (féach Nóta 14). Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

3 Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

Miondealú Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Raon Tuarastail Ó - Go €	Líon na bhfostaithe	
	2024	2023
60,000 - 69,999	8	9
70,000 - 79,999	5	2
80,000 - 89,999	1	6
90,000 - 99,999	14	7
100,000 - 109,999	6	7
110,000 - 119,999	2	3
120,000 - 129,999	3	2
130,000 - 139,999	0	0
140,000 - 149,999	0	0
150,000 - 159,999	0	0
160,000 - 169,999	0	0
170,000 - 179,999	0	1
180,000 - 189,999	1	0
	40	38

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear tuarastal ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe, ach ní áirítear ÁSPC fostóra.

Léiríonn an ghluaiseacht i líon na mball foirne idir lúibíní tuarastail comhaontuithe pá na hearnála poiblí, agus is é an ceann is déanaí ná comhaontú pá na hEarnála Poiblí 2024 – 2026.

	2024 €	2023 €
Ranníocaíocht Pinsin an Fhostóra		
Scéim Eiseamláireach	1,025,850	1,035,922
Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí	184,877	152,001
	1,210,727	1,187,923

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

4 Costais Chomhaltaí Boird agus Painéil

	2024 €	2023 €
Táillí Boird	46,423	62,130
Taisteal agus Cothabháil - an Bord	1,539	0
Táillí Comhalta Painéil Idirghabhálaithe	27,558	0
	75,520	62,130
Táillí Comhaltaí Boird: De réir Comhalta Boird		
Tom Coughlan – Cathaoirleach (Cuireadh tús leis an gComhaltas 24 Deireadh Fómhair 2024)	2,252	-
Dermot Divilly (Cuireadh deireadh leis an gComhaltas 15 Iúil 2024)	11,087	20,520
Aengus Cummins	11,970	11,970
Karen Furlong	11,970	11,970
Conor Faughnan	7,695	7,695
Shiela O'Riordan (Cuireadh tús leis an gComhaltas 24 Deireadh Fómhair 2024)	1,448	-
Nuala Jackson	-	9,975
	46,423	62,130

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird seo a leanas le linn 2024: An Dr. Jean O'Sullivan, Cathal Lafferty, John Shine, Marion O'Brien, Jonathan Small agus Rosalind Carroll mar gheall ar phrionsabal tuarastail amháin duine amháin a bheith curtha i bhfeidhm.

5 Caiteachas

	2024 €	2023 €
Costais an Lárionaid Seirbhíse Sheachfhoinsithe		
Costais an Lárionaid Seirbhíse Sheachfhoinsithe	1,940,024	1,393,402
	1,940,024	1,393,402
Costais a Bhaineann le hÉilimh		
Táillí Leighis a bhaineann le hÉileamh	7,672,146	7,205,331
Éileamh a bhaineann le Costais Eile	218,935	187,299
Costais Phróiseála Éileamh Réamhíoctha sa bhliain reatha	(142,137)	(135,357)
Costais Phróiseála Éileamh Réamhíoctha – scaoilte sa bhliain	135,357	138,316
	7,884,301	7,395,588

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

5 Caiteachas (ar lean)

Mar chuid de phróiseas an Bhoird um Réiteach Díobhálacha, coinníonn sé seirbhísí raon cleachtóirí gairmiúla, liachleachtóirí go háirithe. Aisíocann an Freagróir costais na seirbhísí seo leis an mBord um Réiteach Díobhálacha. Athraíonn leibhéal na gcostas próiseála éilimh leighis in aghaidh an éilimh. Mar gheall ar an meán amlíne a bhaineann leis an bpróiseas beidh costais próiseála éileamh tabhaithe in 2025 a bhaineann le toilithe a fuarthas in 2024, níl na costais seo le feiceáil sna ráitis airgeadais.

Áirítear sna costais phróiseála éileamh cuid de na costais réamh-thoilithe atá réamhíoctha chuig 2025.

Scaoiltear an réamhíocadh nuair a fhaightear táille an fhreagróra.

	2024 €	2023 €
Éilimh a Bhaineann le Costais Aisíoctha		
Costais a bhain le hÉilimh a Aisíocadh / a bheidh le hAisíoc	(7,891,081)	(7,392,629)
	(7,891,081)	(7,392,629)

Mar chuid de phróiseas an Bhoird um Réiteach Díobhálacha, coinníonn sé seirbhísí raon cleachtóirí gairmiúla, liachleachtóirí go háirithe. Tá na costais a thabhaítear i ndáil leis na seirbhísí seo in-aisíoctha leis an mBord um Réiteach Díobhálacha ag an bhFreagróir, féach nóta 7(a).

	2024 €	2023 €
Costais Chóiríochta agus Tógála		
Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse	348,078	319,466
Glanadh agus Slándáil	53,304	45,229
Solas agus Teas, Cothabháil agus Eile	69,191	73,923
	470,573	438,618

	2024 €	2023 €
Earcaíocht, Oiliúint agus Costais AD Eile		
Oiliúint, Oideachas agus costais eile	85,917	46,724
Fógraíocht, Agallaimh agus costais eile earcaíochta	87,082	8,366
	172,999	55,091

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

5 Caiteachas (ar lean)

	2024 €	2023 €
Costais Faisnéise, Taighde agus Cumarsáide		
Costais an Chláir Athchóirithe	104,121	273,422
Fógraíocht – Eile	639,550	162,909
PR agus Cumarsáid	152,676	112,635
Taighde agus Anailís Sonraí	152,734	51,587
Foilseacháin	18,717	15,088
Feasacht Phoiblí	0	4,251
	1,067,797	619,892
	2024 €	2023 €
Costais Iniúcháireachta agus Gairmiúla agus Sainchomhairleoireachta		
Táillí Gairmiúla	121,931	(29,319)
Tacaíocht Soláthair	50,023	49,822
Iniúchadh Inmheánach	26,822	39,606
Iniúchadh Seachtrach	17,500	17,000
Costais Airgeadais	8,149	5,422
	224,424	82,532
	2024 €	2023 €
Costais Sainchomhairleoireachta		
Sainchomhairleacht TF	100,122	37,595
Sainchomhairleoireacht AD	37,455	20,366
	137,577	57,960
Iomlán	362,001	140,492

Áirítear le costais sainchomhairliúcháin costas sainchomhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

5 Caiteachas (ar lean)

	2024 €	2023 €
Táillí DLí		
Tacaíocht Dhlíthiúil Eile	165,356	205,584
Athbhreithniú Breithiúnach - An Bord um Réiteach Díobhálacha	37,166	303,047
Soláthar Dlíthúil (Nóta 10)	(806,151)	708,560
	(603,629)	1,217,191
	2024 €	2023 €
Costais TF agus Teileachumarsáide		
Táillí Ceadúnais TF	381,308	359,841
Tacaíocht agus Cothabháil TF	373,509	585,484
Costais Óstála	130,360	106,506
Costais Teileachumarsáide	69,585	65,530
Slándáil TF	75,995	48,505
Costais Eile TF	16,313	9,791
Seirbhís Priontála Bhainistithe	6,751	6,989
	1,053,821	1,182,646
	2024 €	2023 €
Costais Riaracháin Ghinearálta		
Postas	116,269	126,039
Árachais	77,833	81,461
Drochfhiacha	66,002	50,067
Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha	(21,135)	9,162
Ús Bainc agus Muirir	17,739	17,085
Stáiseanóireacht Oifige	18,177	15,776
Taisteal agus Cothabháil na Foirne – Náisiúnta	11,865	8,008
Taisteal agus Cothabháil na Foirne – Idirnáisiúnta	583	1,052
Fáilteachas - Baill Foirne	7,881	6,371
Ús Íocaíochta Pras	6,421	5,804
Ilchostas	8,255	3,489
Caillteanas Sócmhainní Seasta a Dhiúscairt	1,150	197
	311,039	324,511

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

6 Sócmhainní Seasta

	Feabhsúcháin Léasachta	Crua-earraí / Bogearraí TF	Córas á Fhor- bairt	Trealamh Oifige	Troscán Oifige	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
Costas / Luacháil						
Amhail an 1 Eanáir	634,221	1,312,635	807,117	89,549	63,052	2,906,574
Méideanna Breise	0	23,199	445,791	2,152	0	471,142
Diúscairtí	0	(12,605)	0	(34,498)	0	(47,103)
Amhail an 31 Nollaig	634,221	1,323,229	1,252,908	57,203	63,052	3,330,613
Dímheas Carntha						
Amhail an 1 Eanáir	634,221	1,259,087	0	53,418	52,109	1,998,835
Muirear	0	36,707	0	8,424	7,575	52,706
Diúscairtí	0	(11,455)	0	(34,498)	0	(45,953)
Amhail an 31 Nollaig	634,221	1,284,339	0	27,344	59,684	2,005,588
Glanluach Leabhar*						
Amhail an 31 Nollaig 2024	0	38,890	1,252,908	29,859	3,368	1,325,025
Amhail an 31 Nollaig 2023	0	53,548	807,117	36,131	10,943	907,738

* Féach Nóta 16 - Cuntas Caipitil

Léiríonn córas atá á fhorbairt na costais a bhaineann le córas bainistíochta éilimh nua a fhorbairt don Bhord um Réiteach Díobhálacha. Ní ríomhfar aon dímheas ar an tsócmhainn seo go dtí go mbeidh an fhorbairt críochnaithe agus go gcuirfear an córas i seirbhís.

7(a) Infháltais

	2024 €	2023 €
Méideanna dlíte laistigh d'aon bhliain amháin		
Táillí Infhála:		
Táillí Freagróra	1,391,250	1,338,600
Táillí a Bhaineann le hÉilimh	1,061,598	836,934
Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha	(271,218)	(262,954)
Réamhíocaíochtaí	494,295	534,318
Féichiúnaithe Eile	54,953	20,102
	2,730,878	2,467,001

7(b) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

	2024 €	2023 €
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	5,735,011	8,588,414
Taiscí Gearrthéarmacha	8,062,231	3,000,000
	13,797,242	11,588,414

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

8 Méideanna Iníoctha

	2024 €	2023 €
Méideanna dlíte laistigh d'aon bhliain amháin		
Méideanna Iníoctha	231,560	235,060
Fabhruithe	1,493,818	1,125,026
Cánacha agus Leas Sóisialta	252,946	249,912
Dlíteanas Pinsin *	135,447	133,631
Creidiúnaithe Eile	200,418	184,311
Tairseach Aturnaetha - Íocaíochtaí ar Chuntas	140,537	126,757
Ioncam Iarchurtha (Nóta 9)	6,194,662	5,218,383
	8,649,388	7,273,081

* Ranníocaíochtaí Pinsin Fostóra agus Fostaithe agus ASC.

9 Ioncam Iarchurtha

	2024 €	2023 €
Iarmhéid Tosaigh	5,218,383	3,665,770
Ioncam Iarchurtha a soláthraíodh sa bhliain (Nóta 2 a)	5,995,529	5,048,081
An méid a scaoileadh le hioncam sa bhliain (Nóta 2 a)	(5,019,250)	(3,495,468)
Iarmhéid Deiridh	6,194,662	5,218,383

Íoctar táillí freagróra nuair a thoilítear chuig an bpróiseas measúnaithe. Scaoiltear ioncam táillí freagróra leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ar sheachadadh na seirbhíse de réir mar a théann an t-éileamh ar aghaidh trí phróiseas an Bhoird um Réiteach Díobhálacha. Pléitear le hioncam táille freagróra ar obair atá le críochnú mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear é mar dhlíteanas reatha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

10 Soláthairtí

	2024 €	2023 €
Iarmhéid Tosaigh	1,794,042	1,115,002
Soláthar Breise (Nóta 5)	25,000	764,040
Úsáidte sa Bhliain	(363,849)	(29,520)
Laghdú ar Sholáthar (Nóta 5)	(831,151)	(55,480)
Iarmhéid Deiridh	624,042	1,794,042

Is ionann soláthairtí agus meastachán stuama ar dhliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn do thríú páirtithe i leith caingne dlí a cuireadh in iúl don Bhord um Réiteach Díobhálacha roimh dheireadh na bliana. Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha páirteach in agóidí dlíthiúla éagsúla faoi ailt den Acht um Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta 2003 (arna leasú) agus i ndáil leis na Treoirlínte um Dhíobhálacha Pearsanta a bhí i bhfeidhm ón 24 Aibreán 2021. Ag leanúint ar aghaidh ón dáta seo fuarthas roinnt Athbhreithnithe Breithiúnacha a bhain leis na Treoirlínte um Dhíobhálacha Pearsanta.

Tá na soláthairtí thuas bunaithe ar mheasúnú ar na costais fhéideartha a bhaineann le gníomhartha/éilimh aitheanta a chosaint, a mhéid is féidir costais den sórt sin a mheas go hiontaofa. Déantar athbhreithniú ar na soláthairtí ar bhonn míosúil agus de réir mar a thagann tuilleadh faisnéise ar fáil, agus ina dhiaidh sin déantar aon mhéadú nó laghdú ar an soláthar a theastaíonn a phróiseáil.

Tá an Bord um Réiteach Díobhálacha sásta go bhfuil meastachán stuama déanta aige ar an soláthar cuí sna ráitis airgeadais.

11 Dliteanas Teagmhasach

Caingne Dlí

Mar a luadh i Nóta 10 tá an Bord um Réiteach Díobhálacha, ó am go ham, páirteach i gcaingne dlí éagsúla. Déanann an Bord um Réiteach Díobhálacha soláthar iomlán le haghaidh costais ionchasacha dlí tríú páirtí a bhaineann leis na cásanna a fógraíodh dó. Is dócha go bhfógrófar roinnt cásanna breise don Bhord um Réiteach Díobhálacha sa todhchaí maidir le cinntí a rinneadh roimh an 31 Nollaig 2024. Ní féidir tionchar ionchasach airgeadais a leithéid d'éilimh a mheas.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

12 Tiomantais Airgeadais

Léasanna oibriúcháin

Tá áitreabh ag an mBord um Réiteach Díobhálacha ag Teach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW). Chuaigh an léas in éag i mí Aibreáin 2024. Táimid i mbun cainteanna faoi láthair leis an OPW atá ag plé leis an Tiarna Talún maidir le comhaontú léasa nua a dhéanamh.

Amhail an 31 Nollaig 2024 bhí na híocaíochtaí léasa don todhchaí seo a leanas ag an mBord um Réiteach Díobhálacha faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe maidir le gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

	2024 €	2023 €
Iníochta laistigh de bhliain	0	62,851
Iníochta laistigh de dhá bhliain go cúig bliana	0	0
Iníochta tar éis cúig bliana	0	0
	0	62,851

Ba ionann íocaíochtaí léasa oibriúcháin atá aitheanta mar chaiteachas agus €188,554 (2023: €188,554).

13 Ceangaltais Chaipitil

	2024 €	2023 €
Faoi Chonradh (Conradh Sínithe)	5,463,800	130,000
	5,463,800	130,000

Tá soláthraí faighte ag an mBord um Réiteach Díobhálacha chun a Chóras Bainistíochta éileamh reatha agus seirbhísí gaolmhara a athsholáthar. Táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal ar fáil in 2025.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

14 Ionramháil Chuntasaíochta do Shochair Scoir

Feidhmíonn an Bord um Réiteach Díobhálacha scéim pinsin sochair shainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Eiseamláir na Seirbhíse Poiblí. Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe scéim na bhfostaithe in 2008. Faomhadh an Scéim Pinsin Ranníocach na gCéilí agus na Leanaí in 2009.

Faoi Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012, bíonn iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí ar nó i ndiaidh Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”).

Tá roinnt tréithe sonracha ag baint leis an scéim eiseamláireach (féach nóta 1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta).

Luacháil Achtúireach

Choimisiúnaigh an Bord um Réiteach Díobhálacha luacháil achtúireach ar dhliteanais fhabhraithe ar an dáta tuairiscithe, agus costas na sochar (costas seirbhíse) a fabhraíodh i rith na bliana. Tá na foshuíomhanna a leanas ina mbonn don luacháil sin atá bunaithe ar mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid:

	2024	2023
Ráta Bliantúil Gafa		
Ráta lascaíne	3.75%	3.60%
Foshuíomh boilsicthe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí)	2.15%	2.35%
Méaduithe tuarastal	3.40%	3.60%
Méaduithe ar phinsean stáit	2.65%	2.85%
Ráta an mhéadaithe ar phinsin atá á n-íoc – Scéim Eiseamláireach	2.90%	3.10%
Ráta an mhéadaithe ar phinsin atá á n-íoc – Scéim Aonair	2.15%	2.35%

Ina theannta sin, rinneadh na foshuíomhanna déimeagrafacha a leanas amhail an 31 Nollaig 2024.

	2024	2023
Ionchas saoil ag 65 bliana d’aois		
Fear d’aois 45 bliana faoi láthair	25.6 bliana	25.5 bliana
Fear d’aois 65 bliana faoi láthair	23.2 bliana	23.1 bliana
Bean d’aois 45 bliana faoi láthair	26.5 mbliana	26.4 mbliana
Bean d’aois 65 bliana faoi láthair	24.6 bliana	24.5 bliana

Bunaithe ar an méid thuas, is ionann luach reatha na ndlíteanas ag an dáta tuairiscithe agus €31,007,000 [2023: €31,651,000], agus is é an costas seirbhíse (arna ríomh ar na foshuíomhanna roimhe seo) don bhliain ná €1,360,000 [2023: €1,213,000].

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

14 Ionramháil Chuntasaíochta do Shochair Scoir (ar lean)

Anailís ar na costais phinsin iomlána gearrtha ar chaiteachas

	2024 €	2023 €
Ranníocaíocht iomlán an fhostóra	1,210,727	1,187,923
Costas seirbhíse reatha	1,360,000	1,213,000
Costas úis	1,131,000	1,126,000
Costas na seirbhíse roimhe seo	0	0
Coigeartú ar Mhaoiniú larchurtha Pinsin Stáitchiste	(2,491,000)	(2,339,000)
Iomlán a muirearadh ar Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	1,210,727	1,187,923

* *Áirítear ar an gCostas Seirbhíse Reatha ranníocaíochtaí fostaithe arb ionann iad agus €266,565 in 2024 agus €253,799 in 2023.

Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin

	2024 €	2023 €
Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	31,650,000	26,836,000
Costas Seirbhíse Reatha	1,360,000	1,213,000
Costas Úis	1,131,000	1,126,000
Costas na seirbhíse roimhe seo	0	0
Caillteanais taithí ar dhliteanais scéime	(144,000)	466,000
Athrú ar fhoshuíomhanna	(2,241,000)	2,320,000
Sochair a íocadh i rith na bliana	(748,000)	(311,000)
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	31,007,000	31,1,000

Stair dhliteanais agus taithí scéime (gnóthachain)/caillteanais

	2024 €	2023 €
Athrú ar fhoshuíomhanna faoi bhonn luach reatha dhliteanas na scéime pinsin	(2,241,000)	2,320,000
% de dhliteanais ag deireadh na bliana	(7.2%)	(7.3%)
Caillteanais taithí ar dhliteanais scéime	(144,000)	466,000
% de dhliteanais ag deireadh na bliana	0.5%	(1.5%)
Dliteanas scéime	31,007,000	31,651,000

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

15 Cúlchistí

	2024 €	2023 €
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe		
Amhail an 1 Eanáir	1,595,409	1,446,202
Barrachas don bhliain	2,683,684	443,693
An méid a scaoileadh chuig an gcuntas caipitil sa bhliain	28,505	105,514
An méid a scaoileadh chuig an gcuntas caipitil cúlchiste sa bhliain	(3,500,000)	(400,000)
Iarmhéid Deiridh	807,599	1,595,409

	2024 €	2023 €
Cúlchiste Caipitil Coinnithe		
Amhail an 1 Eanáir	3,392,883	3,384,679
An méid a fuarthas ó chuntas Cúlchistí na gCoimisinéirí Ioncaim	3,500,000	400,000
Caiteachas a gearradh ar SOI&E agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe in 2023	0	120,217
An méid a scaoiltear leis an gcuntas Caipitil - Córas á Fhorbairt	(445,792)	(512,013)
Iarmhéid Deiridh	6,447,091	3,392,883

16. Cuntas Caipitil

	2024 €	2023 €
Amhail an 1 Eanáir	907,738	501,239
Breiseanna le sócmhainní Seasta sa bhliain	25,351	61,702
An méid a fuarthas ón gcúlchiste caipitil coinnithe sa bhliain - Córas atá á Fhorbairt	445,792	512,013
Diúscairtí - Crua-earraí/Bogearraí TF	(1,150)	(196)
Amúchadh ag teacht le Dímheas Sócmhainní	(52,707)	(167,020)
Iarmhéid Deiridh	1,325,025	907,738

Leasaigh an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta a láimhseáil chuntasaíochta trí chuntas caipitil a thabhairt isteach. Léirítear sa Chuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh ar chuspóirí caipitiúla.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024

17 Nochtadh Páirtí Gaolmhar

Féach ar Nóta 3 le haghaidh miondealú ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh leis an bpríomhbhainistíocht. I gcomhréir leis an gCód Cleachtais Athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, tá Cód Cleachtais Gnó i bhfeidhm ag an mBord do Chomhaltaí Boird agus d'fhostaithe. Áirítear leis na cóid sin treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana atá clúdaithe ag na ráitis airgeadais seo.

18 Gnóthas Leantach

Thuairiscigh an Bord um Réiteach Díobhálacha barrachas de €2,683,684 in 2024, rud a d'fhág go raibh cúlchistí carnacha oibriúcháin de €4,279,093 roimh aistriú €3,500,000 chuig cúlchistí caipitil. Tar éis aistriú chuig cúlchistí caipitil, agus aistriú €28,505 ón gcuntas caipitil, is ionann cúlchistí oibríochtúla ag deireadh na bliana agus €807,599 le cúlchistí caipitil de €6,447,091. Tá an Cúlchiste Caipitil ann chun tionscadal claochlaithe Digiteach an Bhoird um Réiteach Díobhálacha a mhaoiniú (córais bhainistíochta éileamh agus seirbhísí gaolmhara a athsholáthar), féach nóta 13.

Tá bainistíocht an Bhoird um Réiteach Díobhálacha den tuairim go dtacóidh a chúlchistí oibriúcháin reatha, iarmhéideanna airgid, barrachas réamh-mheasta in 2025 leis an mBord um Réiteach Díobhálacha leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach thar an tréimhse dhá mhí dhéag ó Bhealtaine 2024 go hAibreán 2025.

19 Figiúirí comparáideacha

Athaicmíodh méideanna áirithe ón mbliain roimhe ar mhaithe le comhsheasmhacht le léiriú na bliana reatha.

20 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 29 Bealtaine 2025.



